**Cuntas Leithreasa 2013**

# Vóta 20

# Garda Síochána

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013 maidir le tuarastail agus speansais An Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, srl; maidir le speansais áirithe finnéithe a íoc, agus maidir le deontas i gcabhair a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2013, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear barrachas €1.4 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Dímheas***

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse a n-ionchas saoil ag tosú sa mhí atá taifeadta i gclárleabhar na sócmhainní seasta.

Cuirtear na rátaí dímheasa caighdeánacha i bhfeidhm i dtaca le trealamh oifige agus TE, agus i dtaca le troscán agus feisteas. Baineann na rátaí dímheasa seo a leanas le hábhar i gcás sócmhainní caipitil eile

- Aerárthach: 5% in aghaidh na bliana
- Báid: 10% in aghaidh na bliana
- Feithiclí: 25% in aghaidh na bliana

***Talamh agus Foirgnimh***

Tá ocht stáisiún Garda faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais atá san áireamh le cuntas leithghabhála Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag An Garda Síochána.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Choimisinéir Gníomhach An Gharda Síochána. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh don Garda Síochána
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Cintíonn An Garda Síochána go bhfuil aird chuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta I bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. Cloíonn An Garda Síochána le gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar taobh amuigh de 56 conradh ar luach €5,907,997. Cuireadh na conarthaí seo san áireamh sa tuairisceán Ciorcláin 40/2002. Cuireadh síneadh ama le 14 chonradh ar luach €1,825,696 thar an mbundáta conartha gan soláthar iomaíoch agus faofa riachtanach le dul ar aghaidh le tairiscintí ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Íocadh 17 gconradh ar luach €1,995,074 i dtaca le seirbhísí leighis de réir rátaí faofa na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe do sheirbhísí proifisiúnta. Sna 25 chás eile bhí socruithe tairisceana áitiúla i bhfeidhm i gcodarsnacht le treoirlínte náisiúnta soláthair. Tá socruithe ar conradh curtha i bhfeidhm cheana féin ag An nGarda Síochána do roinnt de na soláthair seo agus tá siad ag déanamh beart onnghníomhach le tairiscintí a chur i bhfeidhm do 2014 don chuid eile.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag An Garda Síochána le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Garda Síochána i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Nóirín Ní Shuilleabháin**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

27 Márta 2014

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 20 Garda Síochána

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Garda Síochána agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 20 Garda Síochána don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2013.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag An Garda Síochána. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na Rialacha Soláthair***

Tá sé nochtaithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta ina Ráiteas faoi Rialú Airgeadais Inmheánach gur tharla cásanna ábhar de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair maidir le conarthaí a bhí ag feidhmiú i 2013.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Lúnasa 2014

# Vóta 20 Garda Síochána

# Cuntas Leithreasa 2013

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Ag obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu. | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,386,723 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 72,834 | 1,459,557 | 1,458,240 | 1,465,889 |
| | **Olliomlán** | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,386,723 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 72,834 | **1,459,557** | **1,458,240** | **1,465,889** |
| | *Bain de* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 114,646 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 21,840 | | | |
| | | | **136,486** | **136,605** | **133,386** |
| | **Glaniomlán** | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,272,077 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 50,994 | | | |
| | | | **1,323,071** | **1,321,635** | **1,332,503** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,435,844 | 1,539,447 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 894,889 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 50,661 | 945,550 | 946,562 | 955,189 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 16,483 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (1,728) | 14,755 | 14,463 | 14,013 |
| iii | Traenáil agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 12,706 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 345 | 13,051 | 12,752 | 12,268 |
| iv | Seirbhísí poist agus teilechumarsáide | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 37,647 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 1,963 | 39,610 | 42,356 | 43,165 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 19,212 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 2,312 | 21,524 | 20,693 | 19,373 |
| vi | Cothabháil áitreabh an Gharda | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 721 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 979 | 1,700 | 1,919 | 7,141 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 261 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (101) | 160 | 125 | 157 |
| viii | Seirbhísí stáisiúin | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 18,700 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 1,000 | 19,700 | 19,540 | 18,520 |
| ix | Cúltaca an Gharda | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 895 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 155 | 1,050 | 1,042 | 884 |
| x | Uachtaránacht an AE/OSCE | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (6,419) | 3,581 | 3,607 | — |
| — | *Feidhmiú TBS an Gharda* | | — | — | *150* |
| | | | 1,060,681 | 1,063,059 | 1,070,860 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráite as faoin gCostas Oibriúcháin 2013

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 395,181 | 395,029 |
| Pá[1] | | 949,419 | 955,189 |
| Caiteachas eile | | 113,640 | 115,671 |
| **Olliomlán** | | **1,458,240** | **1,465,889** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **136,605** | **133,386** |
| **Glaniomlán** | | **1,321,635** | **1,332,503** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid | (12,657) | | |
| Dímheas | 13,965 | | |
| Fáltais ó dhiúscairtí | 41 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 60 | 1,409 | 11,056 |
| **Scócmhainní á bhfobairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid | | (425) | — |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe dúnta | (3,285) | | |
| Laghdú ar stoc | 41 | | |
| | | (3,244) | 2,506 |
| **Caiteachas díreach** | | 1,319,375 | 1,346,065 |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 20,147 | 14,760 |
| **Costas glan clár** | | **1,339,522** | **1,360,825** |

[1] Áirítear san fhigiúr pá le haghaidh 2013 tuarastail le haghaidh Uachtaránacht an AE ar fiú €2,857,433 iad.

**1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara**

Tá an méid caiteachais maidir le seirbhísí glan gaolmhara déanta suas den mhéid measta seo a leanas i ndáil le Vóta 20 atá seasta in áit éigin eile.

| | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | m | 535 | 541 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 15,922 | 10,415 |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas – An tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 4,808 | 4,934 |
| *Lúide* | | | |
| Seirbhísí á soláthar ag An nGarda Síochána do Vótaí eile | m | (1,118) | (1,130) |
| | | 20,147 | 14,760 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

Cuireadh iompar an Gharda ar fáil do phearsanra na Seirbhíse Príosún chun príosúnaigh a iompar chun na cúirte, srl. saor in aisce.

Chuir na Fórsaí Cosanta cúnamh ar fáil don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt gan aon íocaíocht.

Bhain pearsanra an Gharda úsáid as aerárthaí an Aerchóir le linn 2013 gan aon íocaíocht. Soláthraíodh tacaíocht ón Aerchór saor in aisce freisin maidir le haerárthach sciatháin dhobhogtha an Gharda a oibriú agus costais phíolótaí héileacaptair an Gharda.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

| | Nóta | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 33,672 | 33,098 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 3,101 | 4,570 |
| | | **36,773** | **37,668** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 4,620 | 4,661 |
| Réamhíocaíochtaí | | 6,211 | 4,412 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,086 | 1,695 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.6 | 27,314 | 16,063 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **39,231** | **26,831** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 2,312 | (6,499) |
| Costais fhabhraithe | | 5,597 | 7,603 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.7 | 24,904 | 23,023 |
| Glandliteanas ón státchiste | 2.8 | 98 | (461) |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **32,911** | **23,666** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **6,320** | **3,165** |
| **Glansócmhainní** | | **43,093** | **40,833** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **43,093** | **40,833** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | €000 | 2013 €000 | 2012 €000 |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 40,833 | 54,395 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 1,323,071 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,436) | | |
| Vóta glan | | | 1,321,635 | 1,332,503 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 20,147 | 14,760 |
| Costas glan clár | 1 | | (1,339,522) | (1,360,825) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **43,093** | **40,833** |

## 2.2 Sócmhainní Caipitil

| | Aerárthach | Bád mótair | Feithiclí agus trealamh | Trealamh oifige agus IT | Troscán agus fearais | Iomláin |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollioncam** | | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2013 | 17,072 | 1,060 | 58,056 | 151,630 | 5,268 | 233,086 |
| Breiseanna | — | — | 10,848 | 3,640 | 151 | 14,639 |
| Diúscairtí | — | — | (7,082) | (1,312) | — | (8,394) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2013 | 17,072 | 1,060 | 61,822 | 153,958 | 5,419 | 239,331 |
| **Dímheas Carntha** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2013 | 9,250 | 733 | 52,220 | 135,190 | 2,595 | 199,988 |
| Dímheas don bhliain | 826 | 72 | 3,015 | 9,592 | 460 | 13,965 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (6,982) | (1,312) | — | (8,294) |
| Dímheas carntha amhail 31 Nollaig 2013 | 10,076 | 805 | 48,253 | 143,470 | 3,055 | 205,659 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2013** | **6,996** | **255** | **13,569** | **10,488** | **2,364** | **33,672** |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2012** | **7,822** | **327** | **5,836** | **16,440** | **2,673** | **33,098** |

## 2.3 Scócmhainní caipitil á bhfobairt

| ag 31 Nollaig 2013 | Córas Tionscadail Schengen [1] | Tionscadal MIMS[2] | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2013 | 2,676 | 1,894 | 4,570 |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | — | 425 | 425 |
| Aistrithe chuig an gClár Sócmhainní | — | (1,894) | (1,894) |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2013 | 2,676 | 425 | 3,101 |

[1] Forbraíodh Córas Faisnéise Schengen mar chuid de Choinbhinsiún Schengen a cheadaíonn teorainneacha inmheánacha a bhaint agus a sholáthraíonn comhoibriú méadaithe idir fórsaí póilíneachta na mBallstát. Níl aon chonradh sínithe i bhfeidhm faoi láthair le haghaidh Chóras Faisnéise Schengen. Tá idirbheartaíochtaí conartha ar bun idir an rogha soláthróra agus An Garda Síochána. Tá costas measta €23.9 milliún ar an tionscadal agus ní eascróidh aon cheangaltas go dtí go ndéantar cinneadh chun leanúint ar aghaidh leis an tionscadal.

[2] Tacaíonn an Córas Bainistíochta Mórimscrúdaithe le haonaid speisialtóra laistigh den Gharda Síochána chun faisnéis a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh. Tá costas measta €28.7 milliún ar thionscadal MIMS agus rinneadh an rogha soláthróra a fhoinsiú tar éis comórtas tairisceana. Cuireadh tús le forbairt Chéim 2 in 2013 agus tá na céimeanna eile den tionscadal seo faoi réir fáil a bheith ar chistiú.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | (2,307) | 9,411 |
| Orduithe íocaíochta gan íoc | (5) | (2,912) |
| | (2,312) | 6,499 |

| **2.5 Stoic** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stáiseanóireacht | 435 | 391 |
| Stoc theileachumarsáide | 1,034 | 1,210 |
| Éide | 1,586 | 1,436 |
| Biúró Teicniúil | 128 | 186 |
| Stoc na Naisiún Aontaithe | 68 | 72 |
| Armlann | 1,008 | 978 |
| Ilghnéitheach | 361 | 388 |
| | 4,620 | 4,661 |

| **2.6 Iarmhéideanna eile dochair** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airleacain chuig OOP | 2,368 | 640 |
| Óinchistí | 698 | 784 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 23,667 | 13,747 |
| An scéim um rothaíocht chun na hoibre | 393 | 539 |
| Míreanna fionraí sochair eile | 188 | 353 |
| | 27,314 | 16,063 |

| **2.7 Iarmhéideanna eile creidmheasa** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 13,683 | 13,742 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 5,441 | 5,408 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 301 | 263 |
| Cáin Bhreisluacha | 177 | 249 |
| Píonóis an Achta um Thrácht ar Bhóithre | 410 | 920 |
| Cáin ar athchistithe de ranníocaíochtaí pinsin | 18 | 2 |
| Cáin Tógála | 6 | 11 |
| | 20,036 | 20,595 |
| Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí | 4,342 | 1,756 |
| Ciste luaíochta An Gharda Síochána | 324 | 297 |
| Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí | 202 | 375 |
| | 24,904 | 23,023 |

| **2.8 Glandliteanas ón státchiste** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,436 | 1,539 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (1,338) | (2,000) |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | 98 | (461) |
| | | |
| **Arna léiriú le:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (2,312) | 6,499 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 27,314 | 16,063 |
| | 25,002 | 22,562 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (20,036) | (20,595) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (4,868) | (2,428) |
| | (24,904) | (23,023) |
| | | |
| | 98 | (461) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2013** | **2012** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na dtiomantas infhorghníomhaithe | 37,590 | 52,943 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | | | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar don mheastachán | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Ag obair le pobail chun iad a chosaint agus chun freastal orthu** | | | | |
| A.1 | Riarachán - Pá | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 894,889 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 50,661 | 945,550 | 946,562 | 955,189 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 116,625 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (1,494) | 115,131 | 116,497 | 115,671 |
| A.3 | Éadach agus oiriúintí | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 2,764 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 736 | 3,500 | 3,889 | 2,499 |
| A.4 | Cumann Lia-chúnamh Naomh Pól an Gharda (deontas-i-gcabhair) | | 124 | 124 | 124 |
| A.5 | Iompar | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 27,516 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 5,599 | 33,115 | 33,582 | 27,018 |
| A.6 | Cumarsáid agus trealamh eile | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 13,957 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 15,393 | 29,350 | 28,970 | 28,184 |
| A.7 | Aerárthach | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 1,050 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 200 | 1,250 | 1,207 | 1,320 |
| A.8 | Aoisliúntas, srl. | | 310,173 | 306,945 | 317,825 |
| A.9 | Costais fhinnéithe | | 1,805 | 1,758 | 1,472 |
| A.10 | Cúiteamh | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 16,622 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 1,739 | 18,361 | 17,556 | 16,587 |
| A.11 | Clár slándála finnéithe | | 1,198 | 1,150 | — |
| | | | 1,459,557 | 1,458,240 | 1,465,889 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1,317,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| **Cur síos** | **Níos lú/ (níos mó) ná a soláthraíodh €000** | **Miniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - Pá | (1,012) | Méadaíodh an bunbhuiséad faoi €50.6 milliún san fhorlíontach teicniúil a bhí le híoc faoi chistiú sa soláthar bliantúil. Ní raibh an soláthar déanta do chaiteachas €2.4 milliún le haghaidh Chruinniú Mullaigh G8 sa mheastachán bunúil. |
| Riarachán - caiteachas eile | (1,366) | Laghdaíodh liúntas bunúil an bhuiséid faoi €1.5 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil. D'eascair coigilt €6.4 milliún sa bhuiséad le haghaidh Eagraíocht Uachtaránacht an AE um Shlándáil agus Comhoibriú san Eoraip agus mar thoradh ar éifeachtúlacht oibriúcháin agus rialuithe buiséadta a cuireadh i bhfeidhm. Anuas air sin, baineadh coigilt €2 milliún amach faoin bhfotheideal taistil agus cothabhála trí bhainistíocht éifeachtach bhuiséadta. Rinneadh na coigiltí a baineadh amach a sheach-chur trí riachtanais chistithe bhreise i líon fotheideal, lena n-áirítear córas raidió TETRA, muirir mhéadaithe leictreachais, oibreacha cothabhála foirgnimh shláinte agus shábháilteachta, cothabháil córais ríthábhachtacha TF agus líon limistéir chaiteachais a bhí faoi stiúir éilimh, ar nós chostais na ndaoine a coinníodh. |
| Éadach agus oiriúintí | (389) | D'eascair na costais bhreise mar thoradh ar thabhairt isteach córas aonfhoirmeach ordaithe ar líne i rith na bliana ónar theastaigh leibhéal méadaithe stoic a choimeád. |
| Iompar | (467) | Méadaíodh an buiséad bunúil faoi €5.6 milliún, lenar áiríodh liúntas breise caipitiúil €5 milliún chun feithiclí don Gharda Síochána a cheannach agus cistiú breise chun íoc as cothabháil agus costais reatha mhéadaithe chabhlach An Gharda Síochána. |
| Cumarsáid agus trealamh eile | 380 | Mar gheall nach bhfuil aon soláthar buiséid ann don chonradh ceamara slándála GoSafe, teastaíonn meastachán forlíontach teicniúil gach bliain chun an caiteachas a sheac-chur ar an gconradh GoSafe. Cuirtear na fáltais ón gcóras próiseála muirir sheasta i gcuntas sna leithreasaí i gcabhair. |
| Aerárthach | 43 | Méadaíodh an buiséad bunúil faoi €200,000 sa mheastachán forlíontach teicniúil chun cistiú a sholáthar d'oibreacha breise cothabhála le haghaidh aerárthaí an Gharda Síochána. |
| Aoisliúntas, srl. | 3,228 | D'eascair na coigiltí mar gheall ar laghdú ar íocaíochtaí cnapshuime a d'eascair ó laghdú suntasach a tháinig ar scoir in 2013. |
| Cúiteamh | 805 | Méadaíodh an buiséad bunúil faoi €1.7 milliún sa mheastachán forlíontach teicniúil. Bhí seo mar gheall ar líon dámhachtana a d'eascair ó éilimh ar chúiteamh sibhialta. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Ranníocaíochtaí do scéimeanna pinsean do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 12,393 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 978 | 13,371 | 13,247 | 14,305 |
| 2. | Ranníocaíochtaí chuig scéim pinsin an Gharda Síochána | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 21,758 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 913 | 22,671 | 22,489 | 23,256 |
| 3. | Fáltais Ilghnéitheacha (nóta 4.2) | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 850 | 10,850 | 10,806 | 13,987 |
| 4. | Fáltais ó bhainc i leith seirbhísi tionlacain airgid | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 2,500 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | (286) | 2,214 | 2,599 | 2,220 |
| 5. | Táillí na nArm Tine | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 10,000 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 500 | 10,500 | 10,755 | 1,926 |
| 6. | Ceamaraí sábháilteachta -admhálacha áirithe ó mhuirear seasta | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 100 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 13,900 | 14,000 | 14,760 | 15,805 |
| 7. | Fáltais ó asbhaint um phinsean as luach saothair Seirbhíse Poiblí. | | | | |
| | *Meastachán Bunaidh* | 57,895 | | | |
| | *Meastachán Forlíontach* | 4,985 | 62,880 | 61,949 | 61,887 |
| | | | 136,486 | 136,605 | 133,386 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tugtar míniú thíos i gcás gach ceannteideal i gcás go raibh an toradh éagsúil leis an tsuim a réamh-mheasadh de níos mó ná €100,000, agus le breis is 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh | Míniú |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí do scéimeanna pinsean do chéilí agus leanaí an Gharda Síochána | 124 | Theastaigh forlíontach teicniúil mar gheall ar iontógáil ranníocaíochtaí ó scéimeanna pinsin an Gharda Síochána a bhí ní ba mhó ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar líon ní ba lú de scoir ná mar a rabhthas ag súil leis i dtosach báire.<br><br>Bhí an líon iarbhír fáltas ní ab ísle ná an meastachán deiridh mar gheall ar líon méadaithe scor ag deireadh na bliana. |
| Ranníocaíochtaí chuig scéim pinsin an Gharda Síochána | 182 | Theastaigh forlíontach teicniúil mar gheall ar iontógáil ranníocaíochtaí ó scéimeanna pinsin an Gharda Síochána a bhí ní ba mhó ná mar a rabhthas ag súil leis mar gheall ar líon ní ba lú de scoir ná mar a rabhthas ag súil leis i dtosach báire.<br><br>Bhí an líon iarbhír fáltas ní ab ísle ná an meastachán deiridh mar gheall ar líon méadaithe scor ag deireadh na bliana |
| Fáltais Ilghnéitheacha | 44 | Theastaigh forlíontach teicniúil mar thoradh gur tugadh suas airgid ní ba mhó ná mar a rabhthas ag súil leis don stát atá deacair a mheas gach bliain. Ina theannta sin, chruthaigh muirir Alt 41 den Acht um Thrácht ar Bhóithre níos mó fáltas ná mar a raibh súil leis. Bhí an líon iarbhír fáltas ní ab ísle ná an meastachán deiridh mar gheall ar uainiú na bhfáltas ag deireadh na bliana. |
| Fáltais ó bhainc i leith seirbhísi tionlacain airgid | (385) | Cé go bhfuil barrachas €385,000 ann, laghdaíodh meastachán bunúil faoi €286,000 san fhorlíontach teicniúil. Sháraigh na fáltais iarbhír an buiséad bunúil mar gheall ar shocraíocht thráthúil táillí sa bhliain. |
| Táillí na nArm Tine | (255) | Cé gur méadaíodh an buiséad bunúil faoi €500,000 trí mheastachán forlíontach teicniúil, d'eascair fáltais an bharrachais mar gheall ar líon ní ba mhó d'iarratais ar cheadúnais airm thine faoin gcóras ceadúnaithe trí bliana. |
| Ceamaraí sábháilteachta - admhálacha áirithe ó mhuirear seasta | (760) | Méadaíodh an buiséad bunúil faoi €13.9 milliún trí mheastachán forlíontach teicniúil. Teastaíonn seo gach bliain chun costas an chonartha ceamara slándála GoSafe a chistiú ó fháltais ón gcóras fógraí muirir sheasta. Áirítear suim ainmniúil €100,000 sa liúntas bunúil meastacháin. |
| Fáltais ó asbhaint um phinsean as luach saothair Seirbhíse Poiblí. | 931 | Méadaíodh an meastachán bunúil faoi €5 milliún mar gheall gur iontógadh ní ba mhó asbhaintí pinseanbhainteacha ná mar a measadh. Bhí an líon iarbhír scor ní ab ísle ná mar a measadh i dtosach báire. |

**4.2 Anailís Fháltas Ilghnéitheach**

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíocht do sheirbhísí dualgas neamh-phoiblí soláthraithe ag Gardaí | 2,870 | 4,125 |
| Athghabháil maidir le damáiste d'fheithiclí oifigiúla agus maoin eile an Gharda | 129 | 48 |
| Fáltais ó fheithiclí úsáidte, seanstórais, maoin forghéillte agus neamhéilithe a dhíol | 1,437 | 2,428 |
| Táillí ar thuairiscí ar dhíobháil mhailíseach agus thimpistí | 709 | 731 |
| Ranníocaíochtaí d'áiteanna cónaithe | 52 | 52 |
| Costais fhinnéithe a athghabháil | 8 | 12 |
| Tuarastail a athghabháil | 1 | 37 |
| Céatadán gearrtha ar chomhlachtaí árachais do phréimheanna árachais a bhailiú | 54 | 112 |
| Taillí ceadúnais tascaí | 144 | 183 |
| An tAcht um Thrácht ar Bhóithre - táillí Alt 41 | 2,094 | 2,441 |
| Táillí méarloirg do chuspóirí fostaíochta agus víosa | 41 | 41 |
| Crainn an Gharda | 1,083 | 1,535 |
| Dliteanas iompróra | 549 | 573 |
| Míreanna neamhrangaithe | 1,635 | 1,669 |
| | 10,806 | 13,987 |

**4.3 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste**

| | 2013 | | 2012 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Píonóis faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre | 5,032 | 3,927 | 6,188 |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | | |
| Baill an Gharda | 13,093 | 13,424 |
| Sibhialtaigh | 2,071 | 2,028 |
| | 15,164 | 15,452 |

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 641,619 | 647,771 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 321 | 484 |
| Liúntais eile | 198,509 | 202,663 |
| Ragobair | 46,486 | 42,422 |
| ÁSPC an Fhostóra | 62,484 | 61,849 |
| **Pá iomlán** | **949,419** | **955,189** |

### 5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair uasta | Uasíocaíocht aonair uasta |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2013 | 2012 |
| | | | € | € |
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 183 | 3 | 11,482 | 15,412 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 12,818 | 1,090 | 45,432 | 41,641 |
| Liúntais le haghaidh uainoibre agus as a bheith ar uainchlár | 13,318 | 6,428 | 23,810 | 20,964 |
| Ilghnéitheach | 13,521 | 656 | 72,806 | 35,978 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Ciste luaíochta An Gharda Síochána**

Is é cuspóir an chiste ná íoc as duaiseanna ar mhaithe le crógacht Ghardaí agus as ranníocaíocht bhliantúil do sheirbhísí séiplíneachta Garda ó airgead a fuarthas i dtaca le fíneálacha disciplíneacha Garda.

Léiríonn an ráiteas seo a leanas na fáltais iomlána is dual don Chiste sa bhliain, méid na n-íocaíochtaí sa tréimhse agus iarmhéid an Chiste ag deireadh na bliana.

| | 2013 | 2012 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir | 345 | 331 |
| Fáltais don bhliain dar críoch 31 Nollaig | 71 | 67 |
| | 416 | 398 |
| Íocaíochtaí don bhliain dar críoch 31 Nollaig | (43) | (53) |
| Iarmhéid ar 31 Nollaig | 373 | 345 |

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Tacaíocht do na Cumainn Ionadaíochta

Curtha san áireamh i bhfotheideal A.1 atá suim iomlán de €296,121 i dtaca le luach saothair do bhaill an Ghardа Shíochána ar saoire speisialta le pá do chomhlachais ionadaíocha foirne agus atá sannta d'eagraíochtaí leasa.

Íocadh deontais de €58,000 an ceann do Chumann Cheannfoirt an Gharda Síochána agus do Chumann na nArd-Cheannfort.

Gearradh suimeanna de €46,584 agus €130,576 i leith seirbhísí poist agus teileachumarsáide agus cóiríochta a bhain comhlachtaí ionadaíochta foirne agus eagraíochtaí leasa shóisialaigh leas astu.

### 6.2 Maoiniú ón AE

Fuair an Garda Siochana iomlán de €51,156 go díreach i bhfoirm maoiniú ón AE daoi Theideal IV Chonradh an Aontais Eorpaigh. Baineann an méid seo le tionscadal chun athfhorbairt agus athstruchtúrú a dheanamh ar Chlár Chéim Mháistir ar Imscrúdú ar Chibearchoireacht.

### 6.3 Ráiteas ar chaillteanais (feithiclí Garda, srl.)

Tuairiscíodh iomlán de 598 tionóisc lenar bhain feithiclí de chuid an Gharda Síochána i 2013 (2012 – 639). Ba ionann an damáiste agus costais eile a bhain leis na feithiclí agus €524,100. Aisghabhadh cúiteamh iomlán de €87,408.

**6.4 Cúiteamh agus Costais Dlíthiúla**

Cuimsíonn an cuntas caiteachas i dtaca le costais dhlíthiúla agus duaiseanna cúitimh a fuarthas ag baill agus ag fostaithe de chuid An Gharda Síochána agus ag baill den phobal.

| | Líon na gcásanna | Cúiteamh a dhámh | Costais dlíthiúla bronnadh | Costais Eile bronnadh[a] | 2013 Iomlán | 2012 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ag baill agus ag fostaithe de chuid An Gharda Síochána[b]** | | | | | | |
| Éilimh ag baill faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh) 1941-1945 | 170 | 6,006 | 2,398 | — | 8,404 | 9,424 |
| Éilimh ag baill de chuid an Gharda trí mheán na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát le haghaidh díobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgas | 45[c] | 238 | 165 | 19 | 422 | 565 |
| Caingean dlí a rinneadh ag baill den Gharda agus é á riar ag an Roinn Dlí agus Cirt & Comhionannais | 16 | 218 | 657 | — | 875 | 248 |
| Ranníocaíochtaí ex gratia i leith chostais dhlíthiúla an Gharda faoi Alt 49 den Acht Garda Síochána, 2005 | 1 | — | 1 | — | 1 | 1 |
| Éilimh ag eascairt ó ghníomhartha déanta ag Gardaí agus iad ag cur a gcuid dualgas i bhfeidhm | 190[c] | 2,751 | 1,466 | 7 | 4,224 | 3,972 |
| Éilimh (ó bhaill an Gharda san áireamh) a d'eascair as timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach | 239[c] | 1,528 | 1,003 | 762 | 3,293 | 1,998 |
| Éilimh i dtaca le timpistí ar áitribh Gharda | 11[c] | 135 | 63 | 8 | 206 | 230 |

Ag 31 Nollaig 2013

- bhí 1,119 éileamh gan íoc faoin Acht Garda Síochána (Cúiteamh) (2012: 1,119).
- bhí 237 éileamh sibhialta gan íoc a bhain le timpistí ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach (2012: 263).
- 1,018 éileamh sibhialta gan íoc, gan cinn ina raibh feithiclí de chuid an Gharda páirteach a chur san áireamh (2012: 1,146).

[a] Baineann costais eile a bronnadh le táillí gníomhaireachta, táillí imscrúdaitheora, táillí leighis, srl.

[b] Íocadh íocaíochtaí cúitimh arbh ionann iad agus €103,448 (2012: €121,823) de bhun na Scéime Sochair Dhíobhálacha Gairme a riartar tríd an Roinn Coimirce Sóisialaí. Ní áirítear na híocaíochtaí seo sa tábla thuas.

[c] Is féidir go mbeidh mar chuid díobh seo páirtíocaíochtaí thar thréimhse de bhlianta do chásanna aonair.

B'ionann na táillí dlí in 2013 agus €28,000 (2012: €27,000).